# Mata i mbun oibre

## #UsaidimMata



### Niamh Mitchell
Innealtóir Tionscadail, Sanofi

Tá ról lárnach ag mata i mo chuid oibre ó lá go lá. Cé nach suím ag ríomhaire ag díorthú nó ag réiteach cothromóidí bheadh iontas ort cé chomh minic a bhíonn sé áisiúil, gan é a thabhairt faoi deara fiú! Úsáidim mata chun sceidil a chruthú, nuair a bhím ag dearadh trealaimh agus, níos tábhachtaí fós, chun a chinntiú go bhfuil go leor airgid agam i mo chuntas bainc le haghaidh caife i mo shos! Oibrím go minic le maoiniú agus le costais, mar sin tá mata ríthábhachtach chun buiséid a chruthú agus níos tábhachtaí fós, chun cloí leo.



### Aisling Neville
Feirmeoir Déirí, ag soláthar bainne do Lakelands Dairy

Úsáidim mata gach lá chun na riachtanais beathaithe do mo thréad a ríomh. Agus an féar á leasú, socraím an méid leasacháin atá ag teastáil chun go leor féir a chothú i dtreo is go mbeidh dóthain cothaithe agam do na ba gach seachtain. Mar aon leis an taobh praiticiúil den fheirmeoireacht, úsáidtear mata ar an taobh teicniúil freisin. Is cuid mhór den bhainistíocht airgeadais ó lá go lá é a chinntiú go bhfuil brabús á dhéanamh ag an ngnó. Déantar buiséid gach mí lena chinntiú go bhfuil airgead ar fáil chun íoc as rudaí mar fhothaí breise agus leasachán.



### Tinashe Mudehwe
Cuntasóir, Abbott

Tá mata tábhachtach do chuntasóir toisc go n-úsáidimid í chun fadhbanna a réiteach, chun sonraí a anailísiú agus chun cruinneas na dtaifead cuntasaíochta a chinntiú. Mar shampla, is féidir liom sonraí díolacháin a aimsiú agus a anailísiú le trí mhí anuas tríd an meán a ríomh. Chuige seo úsáidim teicnící matamaitice simplí. Úsáidim mata gach lá ag ullmhú cuntas airgeadais míosúil, cláir chomhardaithe, ag déanamh imscrúduithe agus ag réiteach fadhbanna agus ag ceartú earráidí.



### Ruchi Shah
Léiritheoir Líne, Lighthouse Studios

Is é an jab atá agam cartúin a tháirgeadh, ach chun cartúin a chruthú teastaíonn airgead uait. Ní mór duit cinneadh a dhéanamh ar an méid airgid atá ag teastáil, mar sin ní mór dom ríomhanna a dhéanamh an t-am ar fad maidir leis an am a mbeifear ag súil leis an aschur deiridh i gcoinne an mhéid airgid atá agam agus maidir leis na hacmhainní a theastaíonn chun é seo a bhaint amach. Is breá liom mo phost, ach níor cheap mé riamh go mbeinn ag úsáid an oiread sin mata!



### Shonagh Heffernan
Printíseach Teicneora Líonra, ESB Networks

Is í an mhata bun agus barr na slí a ndéantar ár líonraí a dhearadh, a thógáil agus a chothabháil. Chabhraigh eolas maith ar mhata liom an obair a dhéanaim a thuiscint. Úsáidim mata chun cabhrú liom tomhais a dhéanamh, chun foirmlí a thuiscint, chun cinneadh a dhéanamh ar na cáblaí agus na fiúsanna atá le húsáid agus chun ciorcaid leictreacha a thuiscint. Úsáidim mata gach lá gan é sin a thabhairt faoi deara fiú! Beidh an mhata ag cabhrú liom an t-am ar fad ar feadh mo shlí bheatha chun rudaí a dhearadh, a thógáil agus chun lochtanna a aimsiú.



### Chris Stringer
Stiúrthóir Innealtóireachta, an Chuideachta Bus Go Ahead Ireland

Thaitin mata liom ar scoil i gcónaí ach ní raibh fonn mór orm tabhairt faoin ailgéabar. Mar innealtóir, oibrím ar phleananna le haghaidh iompair níos inbhuanaithe lena n-áirítear busanna leictreacha chun cuidiú leis an gcomhshaol a chosaint. Úsáidim mata in mo chuid oibre ó lá go lá le haghaidh dearadh feithiclí agus le haghaidh na sonraíochtaí, chun monatóireacht a dhéanamh ar ídiú fuinnimh agus breosla agus chun buiséi da bhainistiú. Tá sé go hiontach a fhios a bheith agat go bhfuil an obair atá á déanamh agam tábhachtach do dhaoine agus do ghníomh aeráide. Chabhraigh eolas maith ar an mata liom i mo shlí bheatha agus féadfaidh sé cabhrú leat freisin, cibé rud a shocraíonn tú a dhéanamh amach anseo. Go n-éirí go geal leat!

---

Mata do Chách
Seachtain Mhata na hÉireann

16-24 Deireadh Fómhair 2021
#IUseMaths (#UsaidimMata)

**Cláraigh anois ar**
**mathsweek.ie**

Arna chomhordú ag
CALMAST
Waterford Institute of Technology
Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge

Le tacaíocht ó
Science Foundation Ireland — For what's next
In association with SMART FUTURES — www.smartfutures.ie
An Roinn Oideachais agus Scileanna — Department of Education and Skills
XILINX
Department for the Economy — www.economy-ni.gov.uk